# *FÓGRA TOGHCHÁIN DÁLA*

**DÁILCHEANTAR CHORCAÍ THOIR**

De bhun eascaire a d'eisigh Cléireach Dháil Éireann domsa táim ar tí dul i mbun toghadh 4 Teachta Dála don dáilcheantar seo.

Féadfar páipéir ainmniúcháin a fháil ón seoladh thíos i rith na ngnáthuaireanta oifige.

Féadfaidh duine é/í féin a ainmniú mar iarrthóir nó féadfaidh tairgeoir a bheidh cláraithe mar thoghthóir Dála sa dáilcheantar é/í a ainmniú, lena chead/lena cead.

Ní mór deimhniú cleamhnachta polaitíochta a bheith ag gabháil le páipéar ainmniúcháin iarrthóra de chuid páirtí polaitíochta cláraithe, agus caithfear an deimhniú sin a thabhairt ar aird dom in éineacht leis an pháipéar ainmniúcháin líonta.

Mura mbíonn deimhniú ag gabháil leis ní mór don iarrthóir, roimh an tráth is déanaí chun glacadh le hiarratais

- 30 aontú a bheith faighte aige nó aici le haghaidh an ainmniúcháin trí dhearbhuithe reachtúla ó thoghthóirí Dála a bheidh cláraithe sa dáilcheantar (tá foirmeacha le fáil uaimse nó ón údarás clárúcháin), nó

- €500 d'éarlais a leagan síos (is féidir éarlais a leagan síos ar son iarrthóra chomh maith).

Tá na sonraí faoi na riachtanais seo leagtha amach san Acht Toghcháin (Leasú) 2007.

Is é an t-am is déanaí chun ainmniúcháin a ghlacadh isteach an 12 a chlog meán lae an 16th lá de Samhain, 2024.

Féadfaidh an t-iarrthóir nó a thairgeoir páipéir ainmniúcháin agus iad comhlánaithe a sheachadadh domsa go pearsanta aon tráth a mbeidh mé i m'oifig, ó 10 a chlog ar maidin an 14th lá de Samhain, 2024 go dtí 12 a chlog meán lae ar an lá deiridh chun ainmniúcháin a ghlacadh.

Éilítear orm de réir dlí a bheith i láthair chun ainmniúcháin a ghlacadh idir 10 a chlog ar maidin agus 12 a chlog meán lae agus idir 2 a chlog agus 5 a chlog sa tráthnóna an 15th lá de Samhain, 2024 agus idir 10 a chlog ar maidin agus 12 a chlog sa tráthnóna an 16th lá de Samhain, 2024.

Má théitear in iomaíocht sa toghchán, beidh vótaíocht ann an 29th lá de Samhain 2024, idir 7:00 a chlog ar maidin agus 10:00 a chlog sa tráthnóna.

**SINEAD NicCHONMHARA**
**Ceann Comhairimh**

**Seoladh** Urlár 3, 6 Lapps Quay
Chorcaí, T12 XHE6

**Dáta** 11 November 2024